

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY

An Dara Scrúdú Ollscoile, 2002-3

SEIMEASTAR 1

STAIR

Cúrsa HI 211 — STAIR NA hÉIREANN SA MHEÁNAOIS, 400-800

An Dr Bernadette Cunningham
An tOll. Dáibhí Ó Cróinín
An tOll. N. Canny

An t-am ceadaithe: **DHÁ** huair a chloig
Freagair **TRÍ** cheist

1. Pléigh an luach, ó thaobh na staire dhe, a bhaineann leis na hannála *nó* leis na seandlithe Éireannacha.
2. Cad iad na príomh-fhoinsí i gcóir stair na Críostaíochta in Éirinn idir 400 agus 500, agus cad é do mheas orthu?
3. Pléigh an díospóireacht atá ar siúl imeasc lucht staire mar gheall ar na 'fadhbanna' a bhain le cúrsaí riaracháin san eaglais in Éirinn fadó.
4. Tabhair breithiúnas ar an tionchar a bhí ag misinéirí Éireannacha ar Albain agus ar thuaisceart Shasana, *nó* ar an Mhór-Roinn sa 7ú aois.
5. Cad iad na hathraithe a tháinig ar an saol sóisialta 7 eacnamaíochta in Éirinn idir c. 500 7 c. 700, 7 cad ba chúis leo?
6. 'Cultúr na hÉireann sa Luath-Mheánaois — miotas seochas míorúilt'. Pléigh an tuairim sin.
7. Tabhair cur síos ar an bhforbairt a tháinig ar 'Ardríocht na hÉireann' agus ar an dtionchar a bhí ag na hUí Néill uirthi.
8. Cad í an fhianaise atá againn i gcómhair ré 7 tionchar na Lochlannach in Éirinn?